Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12743/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0291 (NLE)**

**SOC 604**
**GENDER 170**
**ANTIDISCRIM 80**
**EMPL 401**
**TELECOM 296**
**CYBER 242**
**DATAPROTECT 208**
**DIGIT 170**
**FREMP 230**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an Dréachtmholadh ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le comhionannas agus an intleacht shaorga |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 518 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 518 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.9.2025
COM(2025) 518 final

2025/0291 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an Dréachtmholadh ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le comhionannas agus an intleacht shaorga**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa ('an Coiste Airí') i ndáil le glacadh beartaithe Molta ó Chomhairle na hEorpa maidir le Comhionannas agus an Intleacht Shaorga ('an Moladh'). Tá an Moladh ullmhaithe ag an gCoiste Saineolaithe um an Intleacht Shaorga, Comhionannas agus Idirdhealú ('GEC/ADI-AI') agus meastar go bhformhuineofar é ag seisiún iomlánach comhpháirteach an Choimisiúin um Chomhionannas Inscne ('GEC') agus an Choiste Stiúrtha um Fhrith-Idirdhealú, Éagsúlacht agus Cuimsiú ('CDADI') ag an gcruinniú a bheidh acu an 18-20 Samhain 2025 d'fhonn é a chur faoi bhráid an Choiste Airí lena ghlacadh faoi dheireadh 2025.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Coiste Airí Chomhairle na hEorpa

Is é an Coiste Airí comhlacht cinnteoireachta Chomhairle na hEorpa, ar a bhfuil Airí Gnóthaí Eachtracha nó Buanionadaithe in Strasbourg ó na 46 Bhallstát de Chomhairle na hEorpa. Tugtar tuairisc ar ról agus ar fheidhmeanna an Choiste Airí i gCaibidil IV de Reacht Chomhairle na hEorpa ('an Reacht'). I gcomhréir le hAirteagal 14 den Reacht, beidh gach comhalta de Chomhairle na hEorpa i dteideal ionadaí amháin ar an gCoiste Airí, agus beidh vóta amháin ag gach ionadaí. Tá Ballstáit uile an Aontais ina gcomhaltaí de Chomhairle na hEorpa agus, dá bhrí sin, tá ionadaíocht acu ar an gCoiste Airí. Tá stádas breathnóra ag an Aontas gan ceart vótála.

### 2.2. An Coiste Saineolaithe um an Intleacht Shaorga, Comhionannas agus Idirdhealú

Is fochoiste comhpháirteach de chuid GEC agus CDADI é GEC/ADI-AI, ar chuir an Coiste Airí de chúram air Moladh a dhréachtú faoi dheireadh 2025 maidir le tionchar na gcóras intleachta saorga, a n-acmhainneacht chun comhionannas a chur chun cinn, lena n-áirítear comhionannas inscne, agus na rioscaí a d'fhéadfaidís a chruthú i ndáil le neamh-idirdhealú.

Tá GEC/ADI-AI comhdhéanta d'ochtar ionadaithe ó Bhallstáit Chomhairle na hEorpa, ceathrar ó GEC agus ceathrar ó CDADI, chomh maith le seisear saineolaithe neamhspleácha a bhfuil saineolas seanbhunaithe acu ar an intleacht shaorga, ar chearta an duine, ar an gcomhionannas, lena n-áirítear comhionannas inscne, agus ar an neamh-idirdhealú. Tá vóta amháin ag gach comhalta de GEC/ADI-AI. Is rannpháirtí é an tAontas gan ceart vótála.

Tá GEC agus CDADI araon comhdhéanta d'ionadaithe ó na 46 Bhallstát de Chomhairle na hEorpa, a bhfuil vóta amháin ag gach ceann acu. Ina theannta sin, freastalaíonn ionadaithe ó chomhlachtaí éagsúla de chuid Chomhairle na hEorpa, eagraíochtaí idir-rialtasacha, ionadaithe ó Stáit a bhfuil stádas breathnóra acu, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha agus institiúidí speisialaithe ar a seisiúin iomlánacha. Glacann ionadaithe an Aontais Eorpaigh páirt sna seisiúin iomlánacha ó am go chéile, gan ceart vótála acu.

### 2.3. Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta

An 17 Bealtaine 2024, ghlac an Coiste Airí Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta ('an Creat-Choinbhinsiún'), conradh atá ceangailteach ó thaobh dlí agus arb é is cuspóir dó a

áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga go hiomlán comhsheasmhach le cearta an duine, leis an daonlathas agus leis an smacht reachta, agus fabhrach don dul chun cinn teicneolaíoch agus don nuálaíocht an tráth céanna.

Cumhdaítear leis an gCreat-Choinbhinsiúin cur isteach féideartha na gcóras intleachta saorga ar chearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta. Beidh feidhm ag prionsabail agus oibleagáidí an Chreat-Choinbhinsiúin maidir le gníomhaíochtaí laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga a ngabhann údaráis phoiblí orthu féin nó gníomhaithe príobháideacha ag gníomhú thar a gceann. Tá sé d'oibleagáid ar Pháirtithe sa Choinbhinsiún aghaidh a thabhairt freisin ar rioscaí agus tionchair a eascraíonn as gníomhaíochtaí laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga a dhéanann gníomhaithe príobháideacha, ar bhealach atá i gcomhréir le cuspóir agus críoch an Choinbhinsiúin ach tá sé de rogha acu oibleagáidí an Choinbhinsiúin a chur i bhfeidhm nó bearta iomchuí eile a dhéanamh. Déantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le sraith eile oibleagáidí ginearálta agus prionsabal bunúsach a bhaineann le dínit an duine agus an neamhspleáchas aonair a chosaint, chomh maith leis an gcomhionannas agus an neamh-idirdhealú a chur chun cinn. Ina theannta sin, sainordaítear leis urraim don phríobháideachas agus do chosaint sonraí pearsanta mar aon le trédhearcacht agus formhaoirseacht chun cuntasacht agus freagracht a áirithiú. Tá prionsabal dírithe freisin ar an nuálaíocht shábháilte agus tástáil shábháilte i dtimpeallachtaí rialaithe.

Tá sraith beart sa Choinbhinsiún freisin arb é is aidhm dóibh a áirithiú go mbeidh leigheasanna inrochtana agus éifeachtacha ar fáil ar sháruithe ar chearta an duine mar thoradh ar na gníomhaíochtaí laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga. Tá ráthaíochtaí agus coimircí nós imeachta éifeachtacha ann freisin le haghaidh daoine a ndearna úsáid córas intleachta saorga difear mór dá gcearta. Ina theannta sin, ba cheart fógra a thabhairt do dhaoine aonair go bhfuil siad ag idirghníomhú le córas intleachta saorga seachas le duine.

Tá bearta sa Choinbhinsiún freisin chun measúnú agus maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar dhrochthionchair atá le déanamh ar bhealach atriallach, chun tionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a shainaithint agus chun bearta coisctheacha agus maolaithe iomchuí a dhéanamh.

Ar deireadh, foráiltear sa Choinbhinsiún gur cheart do na Páirtithe measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le toirmisc nó moratóirí ar fheidhmeanna áirithe córas intleachta saorga a mheastar a bheith ar neamhréir le hurraim do chearta an duine, feidhmiú an daonlathais nó an smacht reachta.

Ba cheart do gach Páirtí sa Choinbhinsiún sásra éifeachtach amháin nó níos mó a bhunú nó a ainmniú ar an leibhéal náisiúnta chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí sa Choinbhinsiún, de réir mar a thugann na Páirtithe éifeacht dóibh.

Shínigh an tAontas an Coinbhinsiún an 5 Meán Fómhair 2024, ag leanúint ó ghlacadh Chinneadh (AE) 2024/2218 ón gComhairle an 28 Lúnasa 2024 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chreat-Choinbhinsiúin. Tá an Coinbhinsiún sínithe ag Andóra, Ceanada, an tSeoirsia, an Íoslainn, Iosrael, an tSeapáin, Lichtinstéin, Montainéagró, an Iorua, Poblacht na Moldóive, San Mairíne, an Eilvéis, an Úcráin, an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá freisin.

An 3 Meitheamh 2025, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an bpróiseas a sheoladh chun go dtabharfar an Creat-Choinbhinsiún i gcrích thar ceann an Aontais, faoi na téarmaí a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2024/2218 ón gComhairle.

Laistigh den Aontas, tá an Creat-Choinbhinsiún le cur chun feidhme go heisiach trí Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga ('an Gníomh um an Intleacht

Shaorga')[1], agus trí *acquis* ábhartha eile de chuid an Aontais, i gcás inarb infheidhme[2]. Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, cuirtear rialachán cuimsitheach ar fáil maidir leis an intleacht shaorga, arb é is aidhm dó an nuálaíocht agus glacadh na hintleachta saorga iontaofa a chur chun cinn, agus sláinte, sábháilteacht agus cearta bunúsacha á gcosaint an tráth céanna mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), lena n-áirítear an ceart chun neamh-idirdhealaithe agus chun comhionannais inscne. Sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga tá rialacha comhchuibhithe, atá bunaithe go ginearálta ar chomhchuibhiú iomlán, lena rialaítear córais intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse agus a úsáid san Aontas. Tá na rialacha sin infheidhme go díreach sna Ballstáit, mura bhforáiltear a mhalairt go sainráite leis an Rialachán sin.

## 2.4. An Moladh ó Chomhairle na hEorpa atá beartaithe maidir le comhionannas agus an intleacht shaorga

Dírítear sa Mholadh ar acmhainneacht na hintleachta saorga comhionannas a chur chun cinn, lena n-áirítear comhionannas inscne, agus ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint léi maidir le neamh-idirdhealú. Is é is aidhm dó an creat ginearálta a leagtar síos leis an gCreat-Choinbhinsiún a chomhlánú maidir le prionsabal an chomhionannais i ndáil leis an intleacht shaorga agus cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta (CETS Uimh. 225) agus a forbraíodh i ndlúthchomhar leis an gCoiste um an Intleacht Shaorga.

Tá an Moladh bunaithe ar an *Study on the impact of artificial intelligence systems, their potential for promoting equality, including gender equality, and the risks they may cause in relation to non-discrimination*, a d'fhormhuinigh GEC agus CDADI in 2023[3]. Sainaithníodh sa staidéar ceithre bhealach chomhlántacha le haghaidh idirghabháil rialála agus bheartais chun cur chuige láidir bunaithe ar chearta an duine i leith na hintleachta saorga a áirithiú, is iad sin (1) cosc, trédhearcacht agus cuntasacht, (2) rochtain ar cheartas agus sásraí sásaimh dhlíthiúil, (3) éagsúlacht, cuimsiú, ionadaíocht agus rannpháirtíocht, (4) rannpháirtíocht dhaonlathach, múscailt feasachta poiblí agus fothú acmhainneachta.

Chun ionchur a bhailiú ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal leasmhar, rinne Comhairle na hEorpa comhairliúchán poiblí maidir leis an Dréachtmholadh ón 10 Márta 2025 go dtí an 28 Aibreán 2025.

---

1 Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin (CE) 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (an Gníomh um an Intleacht Shaorga)

2 Go háirithe an dá Threoir maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais: Treoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena leasaítear Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE; : Treoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena leasaítear Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE.

3 Tuarascáil ón 7ú Cruinniú Iomlánach den Choiste Stiúrtha um Fhrith-Idirdhealú, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CDADI), 27-29 Meitheamh 2023, CDADI (2023)13, https://rm.coe.int/7th-plenary-meeting-27-29-june-2023-report/488010b9d5.

Pléadh an Dréachtmholadh ag cruinnithe GEC/ADI-IS an 25-26 Meán Fómhair 2024 agus an 26-27 Feabhra 2025. Beidh an cruinniú deireanach den ghrúpa saineolaithe ar siúl an 7-9 Deireadh Fómhair 2025, cruinniú ag a gcuirfí bailchríoch ar dhréacht-téacs an Mholta. Roimh an gcruinniú sin, scaipeadh an cúigiú leagan athbhreithnithe den Mholadh ag deireadh mhí Iúil (*tagairt GEC/ADI-AI(2024)7rev5)*.

Pléadh an Dréachtmholadh freisin ag cruinnithe GEC agus CDADI i mí na Samhna 2024 agus tá sé le formheas i seisiún iomlánach comhpháirteach de chuid GEC agus CDADI an 18-20 Samhain 2025, lena chur faoi bhráid an Choiste Airí. Is é is aidhm don Choiste Airí an Moladh a ghlacadh go foirmiúil faoi earrach 2026.

Is é is cuspóir don Mholadh atá beartaithe 'cúnamh a thabhairt do na Ballstáit comhionannas a chur chun cinn, lena n-áirítear comhionannas inscne, agus gach cineál idirdhealaithe a chosc agus a chomhrac, ina ngníomhaíochtaí uile agus i ngníomhaíochtaí gníomhaithe san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga'.

Ní chruthódh an Moladh éifeachtaí ná oibleagáidí a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí agus bheadh sé bunaithe ar chur i bhfeidhm deonach ag Ballstáit Chomhairle na hEorpa. Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 15(b) den Reacht, féadfaidh an Coiste Airí a iarraidh ar rialtais na gcomhaltaí 'an ghníomhaíocht a rinne siad' a chur in iúl dó i ndáil le moltaí.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Tá sé beartaithe gurb é seasamh an Aontais aontú le glacadh an Dréachtmholta ag an gCoiste Airí ar choinníoll go n-áiritheofaí leis comhsheasmhacht le *acquis* an Aontais, go háirithe an Gníomh um an Intleacht Shaorga, agus comhleanúnachas le Creat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa. Níl an dréacht den Mholadh atá ann faoi láthair (rev5 mhí Iúil 2025) go hiomlán comhsheasmhach go fóill.

Go sonrach, ba cheart don Aontas aontú le glacadh an dréachtmholta ar choinníoll go n-urramófaí na ceanglais seo a leanas leis an Moladh:

1. Ní sháraíonn bearta a bhaineann le gníomhaithe laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga na hoibleagáidí arna mbunú faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga lena gcomhchuibhítear, go ginearálta, go hiomlán na rialacha maidir leis an intleacht shaorga san Aontas, lena n-áirítear i réimse an chomhionannais.

   Go háirithe, leis an Moladh, ba cheart solúbthacht leordhóthanach a bheith ann i gcur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga (i gcomhréir le cur chuige an Chreat-Choinbhinsiúin), rud a d'éileodh leasuithe iomchuí ar na tagairtí i míreanna 7, 9, 10 agus 36 den Dréachtmholadh don ghá atá le 'bearta éifeachtacha' a dhéanamh;

   - Ba cheart na bearta a mholtar i míreanna 9, 10.1 agus 18.2 den Dréachtmholadh a leasú ar bhealach iomchuí chun moltaí a sheachaint maidir le hoibleagáidí dearfacha breise a thabhairt isteach i ndáil le soláthraithe agus úsáideoirí gairmiúil córas intleachta saorga comhionannas a chur chun cinn;
   - Ba cheart forálacha mhír 5.1 den Dréachtmholadh a choigeartú ar bhealach iomchuí chun go seachnófaí srian neamhiata ar úsáid na hintleachta saorga atá ar neamhréir le cur chuige an Aontais i leith rialáil na hintleachta saorga agus le beartas an Aontais maidir leis an nuálaíocht.

2. Soiléirítear foirmliú na mbeart agus na gcaighdeán laistigh den Mholadh sa téacs, chun comhsheasmhacht agus idir-inoibritheacht le creat dlíthiúil an Aontais a áirithiú, ar bhealach téarmaíochta agus substainteach araon.

- Go háirithe, ba cheart coigeartuithe iomchuí a dhéanamh i mír 18 ar na tagairtí do 'chaighdeáin aonfhoirmeacha' chun solúbthacht leordhóthanach a áirithiú sa chur chun feidhme, agus ar na tagairtí do 'claontachtaí' chun a áirithiú go leanfaidh na bearta de bheith comhréireach agus dírithe ar dhíobháil.

3. Déantar coimircí a bhaineann le nósanna imeachta um athbhreithniú daonna agus achomharc (i míreanna 16bis) a choigeartú ar bhealach atá comhsheasmhach leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus leis an gCreat-Choinbhinsiún araon, agus ar an gcaoi sin déantar comhleanúnachas idir an dá ionstraim a áirithiú agus seachnaítear an tráth céanna tabhairt isteach oibleagáidí sonracha intleachta saorga do sholáthraithe nó úsáideoirí gairmiúla córas IS nach bhfuil beartaithe in *acquis* an Aontais[4].

4. Leasaítear raon feidhme na n-earnálacha a liostaítear ag deireadh mhír 36 den Dréachtmholadh mar earnálacha ar gá aird ar leith a thabhairt orthu chun a áirithiú go bhfuil sé comhsheasmhach agus nach dtéann sé thar na réimsí ardriosca a shainítear faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga (Iarscríbhinní I agus III), agus ar an gcaoi sin seachnaítear cuimsiú earnálacha nach liostaítear ann, nó, de rogha air sin, déantar na tagairtí sin a athfhoirmliú i dtéarmaí gníomhaíochtaí faireacháin nó cineálacha cur chuige eile atá solúbtha go leor[5].

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[6].

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[7].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Mar a leagtar amach i Roinn 2, tá an Moladh le glacadh ag an gCoiste Airí, ar comhlacht é a cuireadh ar bun le comhaontú idirnáisiúnta agus a d'fhéadfadh éifeachtaí dlíthiúla a bheith

4 *féach an leagan leis an tagairt GEC/ADI-AI(2024)7rev5*
5 *féach an leagan leis an tagairt GEC/ADI-AI(2024)7rev5*
6 Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.
7 Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

aige trí thionchar a imirt ar an gcaoi a ndéantar an Gníomh um an Intleacht Shaorga a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.

Go sonrach, luaitear go sainráite i bhforálacha áirithe den Ghníomh um an Intleacht Shaorga gur cheart 'cineálacha cur chuige idirnáisiúnta' agus 'caighdeáin idirnáisiúnta' atá ann cheana a chur san áireamh i gcur chun feidhme an Ghnímh um an Intleacht Shaorga. Mar shampla, foráiltear le hAirteagal 40(3) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga nach mór do rannpháirtithe sa phróiseas caighdeánaithe 'caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana i réimse na hintleachta saorga atá comhsheasmhach le luachanna, cearta bunúsacha agus leasanna an Aontais' a chur san áireamh. Leagfar amach sa Mholadh treoraíocht maidir le comhionannas a chur chun cinn i saolré na gcóras intleachta saorga, rud a d'fhéadfadh a bheith ar cheann de na tagarmharcanna ar dá réir a dhéantar measúnú ar chaighdeáin chomhchuibhithe. An tráth céanna, le hAirteagal 56(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ceanglaítear ar an Oifig um Intleacht Shaorga 'cineálacha cur chuige idirnáisiúnta' a chur san áireamh agus tarraingt suas cód cleachtais ar leibhéal an Aontais á héascú aici. Tá an chéad Chód Cleachtais maidir le samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha tugtha chun críche agus measúnaithe ag an gCoimisiún cheana féin mar chód atá leordhóthanach do sholáthraithe samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha chun comhlíonadh oibleagáidí ábhartha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga a léiriú.

I gcomhréir le hAirteagal 56(6), an chéad fhomhír den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, ní mór don Oifig um Intleacht Shaorga agus an Bord faireachán agus meastóireacht thráthrialta a dhéanamh ar bhaint amach chuspóirí na gcód cleachtais ag na rannpháirtithe agus ar a rannchuidiú le cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin seo.

Ag an am atá beartaithe chun an Moladh a ghlacadh, beidh dul chun cinn déanta ar an obair ar na caighdeáin chomhchuibhithe agus tá Cód Cleachtais an Ghnímh um an Intleacht Shaorga maidir le samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha tugtha chun críche cheana féin. D'fhéadfadh an Moladh a bheith ábhartha má dhéanfar an Cód Cleachtais agus na caighdeáin a thabhairt cothrom le dáta amach anseo.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is é is cuspóir sonraithe don Mholadh atá beartaithe 'cúnamh a thabhairt do na Ballstáit ina mbearta comhionannas a chur chun cinn, lena n-áirítear comhionannas inscne, agus gach cineál idirdhealaithe a chosc agus a chomhrac, ina ngníomhaíochtaí uile agus i ngníomhaíochtaí gníomhaithe san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga'.

Tagann sé sin le cuspóir an Ghníomh um an Intleacht Shaorga, is é sin 'feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach a leagan síos go háirithe maidir le córais intleachta saorga (córais IS) a fhorbairt, a chur ar an margadh, a chur i seirbhís agus a úsáid san Aontas, i gcomhréir le luachanna an Aontais, chun glacadh na hintleachta saorga atá dírithe ar an duine agus iontaofa (intleacht shaorga) a chur chun cinn agus, ag an am céanna, ardleibhéal cosanta sláinte, sábháilteachta agus cearta bunúsacha mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta agus cosaint an chomhshaoil, chun cosaint a thabhairt ar éifeachtaí díobhálacha na gcóras intleachta saorga san Aontas, agus chun tacú le nuálaíocht'.

Tá forluí idir an Moladh agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga den chuid is mó, go háirithe ar na bealaí seo a leanas:

- Is é is aidhm don Mholadh an neamhionannas a eascraíonn as an intleacht shaorga a chomhrac, rud atá cosúil le cuspóir an Ghnímh um an Intleacht Shaorga, i.e. ardleibhéal cosanta a áirithiú do na cearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear na cearta chun comhionannais agus neamh-idirdhealaithe, in aghaidh éifeachtaí díobhálacha córas intleachta saorga san Aontas.
- Is ionann go bunúsach an raon feidhme pearsanta agus an raon feidhme ábhartha a bhfuil feidhm ag an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus na bearta sa Mholadh maidir leo, is é sin gníomhaithe poiblí agus príobháideacha a fhorbraíonn nó a úsáideann intleacht shaorga agus gníomhaíochtaí laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga.
- Glactar cur chuige grádaithe difreáilte comhchosúil maidir le córais intleachta saorga sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus sa Mholadh araon, i gcomhréir leis an gCreat-Choinbhinsiún maidir leis an Intleacht Shaorga;
- Leagtar amach sa Mholadh ceanglais trédhearcachta agus formhaoirseachta (daonna) maidir le hidirdhealú a shainaithint, a chosc agus a chomhrac tar éis gníomhaíochtaí laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga atá cosúil leo siúd a leagtar síos sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga, go háirithe in Airteagail 13, 14, 49, 50 agus 86 de, i measc Airteagail eile;
- Tá ceanglais an Mholta maidir le rioscaí idirdhealaithe a shainaithint, a mheas, a mhaolú agus faireachán a dhéanamh orthu cosúil le ceanglais agus oibleagáidí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga do sholáthraithe nó d'úsáideoirí gairmiúla córas intleachta saorga ardriosca, go háirithe in Airteagail 9, 10, 17, 26 agus 27 de, i measc Airteagail eile; tá forálacha i ndáil le caighdeáin sa Mholadh freisin, atá cosúil leo siúd a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe an Aontais in Airteagail 40 go 49.
- Tá bearta sa Mholadh i ndáil le doiciméadacht, coimircí nós imeachta agus leigheasanna atá cosúil leo siúd sa Ghníomh um an Intleacht Shaorga, go háirithe in Airteagail 11, 12, 26, 53, 85, 86 den Ghníomh um an Intleacht Shaorga.
- Sainaithnítear sa Mholadh sprioc-earnálacha chun comhionannas a phríomhshruthú, earnálacha a bhfuil forluí páirteach eatarthu le catagóiriú ardriosca an Ghnímh um an Intleacht Shaorga (Airteagal 6 agus Iarscríbhinní I agus III), agus ceanglaítear leis bearta i gcás ina bhfuil na rioscaí idirdhealaithe thar a bheith géar.

Cumhdaítear leis an Moladh freisin gnéithe is coiteann d'*acquis* an Aontais maidir le neamh-idirdhealú agus comhionannas. Baineann sé sin, go háirithe, leis na Treoracha maidir le Comhlachtaí Comhionannais, arna nglacadh ar bhonn Airteagail 19 agus 157 CFAE[8]. Ar ghnéithe ábhartha an Mholta, tá:

- Ceanglais ar na Ballstáit acmhainní leordhóthanacha airgeadais, daonna agus teicniúla a thabhairt do Chomhlachtaí Comhionannais agus comhoibriú leo agus reachtaíocht, beartais agus creataí riaracháin, rialála nó eile iomchuí á bhforbairt (ábhartha d'Airteagail 3 agus 4 de na Treoracha);
- Ceanglais trédhearcachta agus formhaoirseachta, lena gcuirtear ar a gcumas do Chomhlachtaí Comhionannais grinnscrúdú a dhéanamh ar cé acu a tharla nó nár tharla idirdhealú agus a mheas an gá moratóir nó toirmeasc a chur ar chórais intleachta saorga den sórt sin (ábhartha d'Airteagail 8 agus 9 de na Treoracha);
- Ceanglais chun tacú le híospartaigh idirdhealaithe atá bunaithe ar an intleacht shaorga nó chun cúnamh a thabhairt dóibh a gcearta a dhearbhú, lena n-áirítear trí bharúlacha a chur faoi bhráid na cúirte (ábhartha d'Airteagail 6, 7, 8, 9, 10 agus 11 de na Treoracha).

Cé gurb é is aidhm don Mholadh comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a chosc, is éard atá ann go príomha bearta reachtacha agus beartais atá dírithe ar ghníomhaithe laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga (cf pointe 2 den Mholadh). Go sonrach, leagtar amach ann moltaí maidir le measúnuithe tionchair comhionannais, deimhniú, agus trédhearcacht na gcóras intleachta saorga agus faireachán agus formhaoirseacht orthu mar a mhínítear thuas.

Laistigh den Aontas, cuirfear an chuid is mó den Mholadh chun feidhme, ní trí reachtaíocht chothrománach chomhionannais a bhfuil feidhm aici maidir leis na gníomhaithe eacnamaíocha uile, amhail reachtaíocht na gComhlachtaí comhionannais, ach trí reachtaíocht a dhírítear go sonrach ar oibreoirí a sholáthraíonn agus a úsáideann córais intleachta saorga, go háirithe an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus/nó a bhearta cur chun feidhme. Go deimhin, aithnítear go sainráite sa Mheabhrán Míniúcháin go gcuireann an Gníomh um an Intleacht Shaorga (cuid de) na Moltaí chun feidhme cheana (cf mír 11 MM).

Dá bhrí sin, tagann príomhacht an Mholta laistigh den réimse a chumhdaítear leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 114 CFAE, arb é príomhbhunús dlí an Ghnímh um an Intleacht Shaorga é, a bheith ina bhunús dlí substainteach leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis na gnéithe sin den Mholadh.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 114 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

---

8 Treoir (AE) 2024/1500 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena leasaítear Treoracha 2006/54/CE agus 2010/41/AE (IO L, 2024/1500, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1500/oj); Treoir (AE) 2024/1499 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2024 maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta ina rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí agus lena leasaítear Treoracha 2000/43/CE agus 2004/113/CE (IO L, 2024/1499, 29.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1499/oj).

### 4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 114 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2025/0291 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an Dréachtmholadh ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa maidir le comhionannas agus an intleacht shaorga

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé d'aidhm ag Comhairle na hEorpa Moladh ('an Moladh') a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na gcóras intleachta saorga ('IS'), ar a n-acmhainneacht chun comhionannas a chur chun cinn, lena n-áirítear comhionannas inscne, agus ar na rioscaí a d'fhéadfaidís a chruthú i ndáil le neamh-idirdhealú. Tá an Moladh le glacadh ag an gCoimisiún um Chomhionannas Inscne ('GEC') de chuid Chomhairle na hEorpa agus ag an gCoiste Stiúrtha um Fhrith-Idirdhealú, Éagsúlacht agus Cuimsiú ('CDADI'), le linn an tseisiúin iomlánaigh chomhpháirtigh a bheidh acu an 18-20 Samhain 2025 agus tá an Moladh le formheas go foirmiúil ag Coiste Airí Chomhairle na hEorpa.

(2) Is é is aidhm don Mholadh comhlánú a dhéanamh ar Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta ('an Creat-Choinbhinsiún'), a shínigh an tAontas de bhun Chinneadh (AE) 2024/2218 ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le prionsabal an chomhionannais, trí mholtaí mionsonraithe a bhaineann go sonrach le comhionannas a chur faoi bhráid na mBallstát.

(3) Leis an gCreat-Choinbhinsiún, leagtar síos na prionsabail ghinearálta agus na hoibleagáidí ba cheart do na páirtithe sa Chreat-Choinbhinsiún a urramú chun cosaint chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta a áirithiú i ndáil leis na gníomhaíochtaí a dhéantar le linn saolré na gcóras intleachta saorga. Mhol an Coimisiún go dtabharfadh an tAontas an Creat-Choinbhinsiún i gcrích[9]. Tá an cinneadh ón gComhairle maidir leis an gCreat-Choinbhinsiún a thabhairt i gcrích á ghlacadh ag an gComhairle faoi láthair.

(4) An 13 Meitheamh 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/1689 ([10]), ar bhonn Airteagail 16 agus 114 den Chonradh ar

---

[9] Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga, Cearta an Duine, an Daonlathas agus an Smacht Reachta, COM(2025) 265 final.

[10] Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga agus lena leasaítear Rialacháin

Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), Rialachán ina leagtar síos rialacha comhchuibhithe, atá bunaithe go ginearálta ar chomhchuibhiú iomlán, lena rialaítear córais intleachta saorga a chur ar an margadh, a chur i mbun seirbhíse agus a úsáid san Aontas. Tá na rialacha sin infheidhme go díreach sna Ballstáit, mura bhforáiltear a mhalairt go sainráite.

(5) Tá an Creat-Choinbhinsiún le cur chun feidhme san Aontas go heisiach tríd an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus trí *acquis* ábhartha eile de chuid an Aontais, i gcás inarb infheidhme.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir leis an Moladh i seisiún iomlánach comhpháirteach GEC agus CDADI, agus i gCoiste na nAirí, a bhunú, ós rud é go mbeidh an Moladh, fiú mura mbeidh sé ceangailteach, in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, is é sin Rialachán (AE) 2024/1689 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga.

(7) Tá raon feidhme pearsanta agus ábhartha an Mholta ag teacht, den chuid is mó, le Rialachán (AE) 2024/1689, lena ndéantar foráil maidir le rialacha le haghaidh na hintleachta saorga atá bunaithe go ginearálta ar chomhchuibhiú iomlán laistigh den Aontas.

(8) D’fhéadfadh glacadh an Mholta difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo nó a raon feidhme a athrú de réir bhrí Airteagal 3(2) CFAE. Dá bhrí sin, tá inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas seasamh a ghlacadh thar ceann an Aontais chun an Moladh a ghlacadh.

(9) Ba cheart don Aontas a áirithiú go bhfuil an Moladh comhoiriúnach le dlí an Aontais agus, maidir le gach gné atá comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais, gur féidir é a chur chun feidhme i ndlíchóras an Aontais trí *acquis* an Aontais atá ann cheana, go háirithe Rialachán (AE) 2024/1689 agus Treoracha 2024/1499 agus 2024/1500. Maidir le moltaí sonracha a bhaineann le forbairt agus úsáid córas IS atá comhchuibhithe go hiomlán san Aontas, ba cheart é a bheith d’aidhm ag an Aontas a áirithiú go bhfuil an Moladh comhsheasmhach le forálacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga agus leis na prionsabail a leagtar amach i gCreat-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an Intleacht Shaorga.

(10) Ar choinníoll go gcomhlíonfaí na coinníollacha sin, féadfar an Moladh a fhormheas thar ceann an Aontais ag seisiún iomlánach comhpháirteach GEC agus CDADI a bheidh ar siúl an 18-20 Samhain 2025 agus ag cruinniú de Choiste na nAirí ina dhiaidh sin.

(11) Ós rud é nach comhalta de Chomhairle na hEorpa é an tAontas ach gur comhaltaí iad a Bhallstáit uile, tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag a Bhallstáit, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach.

---

(CE) Uimh. 300/2008, (AE) Uimh. 167/2013, (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2019/2144 agus Treoracha 2014/90/AE, (AE) 2016/797 agus (AE) 2020/1828 (Gníomh um an Intleacht Shaorga) (IO L, 2024/1689, 12.7.2024.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i seisiún iomlánach comhpháirteach GEC agus CDADI, agus i gcruinniú Choiste na nAirí, gan agóid a dhéanamh in aghaidh ghlacadh an Mholta maidir leis an Intleacht Shaorga agus Comhionannas, ar choinníoll go gcuirfí na coinníollacha seo a leanas san áireamh:

1. Ní sháraíonn bearta a bhaineann le gníomhaithe laistigh de shaolré na gcóras intleachta saorga na hoibleagáidí arna mbunú faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga lena gcomhchuibhítear, go ginearálta, go hiomlán na rialacha maidir leis an intleacht shaorga san Aontas, lena n-áirítear i réimse an chomhionannais. Go háirithe, leis an Moladh, ba cheart solúbthacht leordhóthanach a bheith ann maidir lena chur chun feidhme, i gcomhréir le cur chuige an Chreat-Choinbhinsiúin. Ina theannta sin, níor cheart dó a mholadh go dtabharfaí isteach oibleagáidí dearfacha breise i ndáil le soláthraithe agus úsáideoirí gairmiúla córas IS comhionannas a chur chun cinn chomh maith le srian neamhiata a fhorchur ar úsáid na hintleachta saorga.

2. Le foirmliú na mbeart agus na gcaighdeán laistigh den Mholadh, ní mór comhsheasmhacht agus idir-inoibritheacht le creat dlíthiúil an Aontais a áirithiú, ar bhealach téarmaíochta agus substainteach araon.

3. Ní mór coimircí a bhaineann le nósanna imeachta um athbhreithniú daonna agus achomharc a bheith comhsheasmhach leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus leis an gCreat-Choinbhinsiún araon, agus ar an gcaoi sin dhéanfaí comhleanúnachas idir an dá ionstraim a áirithiú agus sheachnófaí an tráth céanna tabhairt isteach oibleagáidí sonracha intleachta saorga do sholáthraithe nó úsáideoirí gairmiúla córas IS nach bhfuil beartaithe in *acquis* an Aontais.

4. Le raon feidhme na n-earnálacha a shainaithnítear sa Mholadh mar earnálacha ar gá aird ar leith a thabhairt orthu, ba cheart comhsheasmhacht a áirithiú leis na réimsí ardriosca a shainítear faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga (Iarscríbhinní I agus III) agus gan dul tharstu. De rogha air sin, ba cheart idirdhealú a dhéanamh sa Mholadh ar bhealach iomchuí idir an chaoi a gcaitear leis na hearnálacha ó thaobh gníomhaíochtaí faireacháin nó cineálacha cur chuige eile atá solúbtha go leor.

*Airteagal 2*

Cuirfidh na Ballstáit den Aontas atá ina mbaill de Chomhairle na hEorpa, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl.

*Airteagal 3*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*